


# Foclóir Nua

Eochairfhocail: foclóir, digiteach, maoiniú, suíomh idirlín, sainmhíniú

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad a sheol Uachtarán na hÉireann an tseachtain seo?
2. An bhfuil costas ag baint le húsáid an fhoclóra nua seo?
3. Cá bhfuil an foclóir nua seo ar fáil?
4. Cathain a cuireadh tús le tiomsú an ábhair don fhoclóir nua seo?
5. Cad atá speisialta faoin bhfoclóir seo, dar le Pádraig Ó Mianáin?
6. Céard í an teanga nach gá do phobal na Gaeilge a bheith ag brath uirthi an oiread sin leis an bhfoclóir nua seo, dar le Pádraig?
7. Cad a bheidh ar fáil ar an suíomh faoi Lúnasa 2027?
8. Cén post atá ag Cara Nic Giolla Chomhaill le Raidió na Life?
9. Ainmnigh dhá dhream a chuir maoiniú ar fáil don togra seo?
10. An mbaineann tú úsáid as an bhfoclóir go minic?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Ag baint úsáide as an suíomh focloir.ie aimsigh agus scríobh síos na sainmhínithe Gaeilge atá ar an suíomh sin ar na focail seo a leanas. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

| **ceannfhocal** | **sainmhíniú** |
|---|---|
| ríomhaire | meaisín leictreonach a stórálann agus a phróiseálann méid mór faisnéise |
| múinteoir | |
| gluaisteán | |
| cathaoir | |
| ollscoil | |
| páirc | |
| aerfort | |
| léine | |
| gruaig | |
| foclóir | |
| seacláid | |
| reoiteoir | |
| cógaslann | |
| sliabh | |
| gealach | |
| cupán | |

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta agus Labhartha

**Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí iarracht bhur sainmhíniú féin a chumadh le haghaidh na bhfocal seo a leanas. Déanaigí an sainmhíniú a phlé go mion eadraibh ar dtús agus ansin nuair a bheidh sibh ar aon tuairim breacaigí síos an sainmhíniú sa spás cuí sa ghreille thíos.**

| **ceannfhocal** | **sainmhíniú** |
|---|---|
| crann | |
| doras | |
| Éire | |
| dlí | |
| cúilín | |
| leadóg | |
| bratach | |
| stoca | |
| súil | |
| dán | |
| cath | |
| capall | |
| trampailín | |
| duilleog | |
| cairpéad | |

Freagraí

1. An foclóir nua Gaeilge
2. Níl, saor in aisce
3. Go digiteach, ar líne, focloir.ie
4. Trí bliana ó shin
5. Den chéad uair tá an saol agus an teanga á sainmhíniú i nGaeilge
6. An Béarla
7. 30,000 iontráil agus 80,000 brí
8. Clár reachtaire
9. An Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta i mBaile Átha Cliath, an Roinn Pobail i mBéal Feirste agus an Roinn Oideachais

